An Coimisiún Eorpach

#SOTEU

STAID AN AONTAIS 2021

AN LITIR INTINNE

CHUIG AN UACHTARÁN DAVID MARIA SASSOLI AGUS CHUIG AN bPRÍOMH-AIRE

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2021

A Uachtaráin Sassoli, a chara,

A Phríomh-Aire Janša, a chara,

An deichiú huair a bheidh ann inniu a thabharfaidh Uachtarán ar an gCoimisiún Aitheasc ar Staid an Aontais os comhair Pharlaimint na hEorpa. An forás atá le sonrú ar théamaí na n-óráidí a tugadh roimhe seo, is léiriú é ar an athrú atá tagtha ar nádúr ár bhfócais agus ar luas na n-aistrithe atá ar bun sa saol. Déanann na hóráidí céanna mapáil ar ghéarchéimeanna agus ar théarnaimh a bhí an-éagsúil ó chéile. Ach cuireann siad fírinne bhuan i gcuimhne dúinn: ***an neart agus an uaillmhian atá san Aontas, ní rachaidh siad thar an aontacht agus an diongbháilteacht atá ann.***

Cruthúnas air sin is ea an méid atá curtha i gcrích le bliain anuas. Is mian linn buíochas a ghabháil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle as an tacaíocht a thug siad agus as an rúndaingne a léirigh siad. A bhuí leis sin bhíomar in ann gníomhú go tapa agus ár n-uaillmhian a choinneáil le bliain. ***An méid atá curtha i gcrích ag an Aontas, is údar bróid dúinn é.***

Dhá mhí dhéag ó shin, ní raibh na vacsaíní formheasta go fóill. Bliain dár gcionn, tá os cionn 70 % de dhaoine fásta san Aontas Eorpach vacsaínithe agus tá an tAontas ar an táirgeoir vacsaíní is mó ar domhan. Tá níos mó ná 700 milliún vacsaíní soláthraithe againn dár nAontas féin agus níos mó ná 700 milliún eile don chuid eile den domhan. Thángamar ar chomhaontú ar an dá luas maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, rud a d'fhág go rabhthas in ann breis is 400 milliún deimhniú ar leith a ghineadh ó thús an tsamhraidh.

Bhí sin ina chuidiú do dhaoine a bhí ag taisteal agus ag iarraidh sult a bhaint as an samhradh, chuir sé ar ár gcumas geataí an gheilleagair a oscailt arís, agus lig sé don gheilleagar céanna teacht chuige féin ní ba thapa ná mar a bhí súil leis. Tá naoi mBallstát déag ann a mheastar go bhfillfidh a gcuid geilleagar ar na leibhéil ag a raibh siad roimh an bpaindéim faoi dheireadh na bliana. Cúis eile leis sin is ea an comhaontú stairiúil ar ar thángamar maidir leis an gclár téarnaimh. Tá NextGenerationEU faoi lánseol anois ag maoiniú tionscadail agus athchóirithe atá ag infheistiú i dtéarnamh an lae inniu agus i ngeilleagar an lae amárach.

Chuireamar dlús lenár gcuid oibre ar an gclár oibre uaillmhianach claochlaitheach a leagamar amach den chéad uair sna Treoirlínte Polaitiúla. In imeacht na bliana, d'fhormheas an tAontas Eorpach an chéad Dlí Aeráide Eorpach agus chuireamar i láthair ár gcuid moltaí chun é a chur i bhfeidhm. Is é an tAontas Eorpach an chéad mhórgheilleagar lena leagan amach go soiléir cén chaoi a mbainfimid amach ár spriocanna aeráide. Ina theannta sin, rinneamar moltaí ceannródaíocha maidir le seirbhísí digiteacha, margaí digiteacha agus aitheantas digiteach, thugamar ár straitéis tionsclaíochta nua cothrom le dáta, agus d'oibríomar chun ár slabhraí soláthair a neartú.

Tugann an méid atá curtha i gcrích againn le chéile muinín dúinn le haghaidh na bliana atá romhainn. Ach toisc go bhfuil an phaindéim linn go fóill, beidh orainn a bheith chomh diongbháilte is a bhíomar le bliain. Is mór an difríocht idir na rátaí vacsaínithe laistigh den

Aontas agus timpeall an domhain, mar sin is iad na príomhthosaíochtaí a bheidh ann go fóill an phaindéim a bhainistiú, agus beatha na ndaoine agus slí bheatha na ndaoine a chaomhnú.

Caithfimid féachaint freisin ar an lorg buan atá fágtha ag an ngéarchéim ar na daoine agus ar an tsochaí. Príomhthosaíocht a bheidh ann leanúint de chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar aon leis na gealltanais a comhaontaíodh in Porto níos luaithe i mbliana. Coinneoimid orainn ag seasamh an fhóid ar son luachanna, córa agus comhionannais, agus ag cur chun cinn agus ag cosaint an smachta reachta agus shaoirse na meán ar fud an Aontais. Is mian linn díriú ar an am atá le teacht trí dhul chun cinn a dhéanamh ar an obair ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus trí onóir a thabhairt don aos óg ina iomláine trí Bhliain Eorpach na hÓige a cheiliúradh in 2022.

Tiocfaidh méadú ar na dúshláin sheachtracha a bheidh romhainn freisin de réir mar a éireoidh an domhan níos coimhlintí. Neartóimid a thuilleadh an chomhpháirtíocht le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh agus lenár gcomhghuaillithe, agus pléifimid bealach coiteann chun cinn maidir leis an gcosaint agus maidir leis an tslándáil. Leanfaimid de chomhpháirtíochtaí domhanda a fhorbairt agus de thacaíocht a thabhairt dár gcomharsanacht, go háirithe na Balcáin Thiar le linn an chruinnithe mullaigh atá ar na bacáin ag Uachtaránacht na Slóivéine ar an gComhairle. Ar deireadh, cloífimid lenár ngealltanas ár gcuid comhaontuithe idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus beimid aontaithe i dtólamh sa tacaíocht a thabharfaimid d'Éirinn agus don tsíocháin ar oileán na hÉireann.

In imeacht an 12 mhí atá romhainn, cuirfear tús leis an dara leath de thréimhse oifige an Choimisiúin seo. Go dtí seo, bhíomar ag díriú ar an dearadh agus ar an reachtaíocht is gá chun an claochlú a theastaíonn uainn a chur i bhfeidhm. Is ar an gcur i bhfeidhm a bheidh an bhéim feasta. Caithfimid leanúint den obair ar na tograí reachtacha a cuireadh i láthair cheana féin maidir le sé phríomh-uaillmhian an Choimisiúin trí chéile.

Anseo thíos, tá liosta de thionscnaimh nua a mholfaidh an Coimisiún, ar tionscnaimh iad a dhíríonn ar ár bhfís le haghaidh na hEorpa a chur i bhfeidhm. I gcás na dtionscnamh seo ar fad, cuirfimid san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na géarchéime, mar aon leis an ngá am a thabhairt do na comhreachtóirí le teacht ar chomhaontú. Ag an am céanna, coinneoimid orainn ag cur chlár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021 chun feidhme.

Bhí an plé a rinneamar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ina inspioráid don liosta seo. Ní liosta iomlán é agus cuirfear leis de thoradh chlár oibre an Choimisiúin, an chomhphlé idirinstitiúidigh eadrainn agus an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le Tosaíochtaí Reachtacha a shíneoidh na trí institiúid.

Tá sé léirithe ag ár nAontas gur fearr a dhéanaimid rudaí nuair is le chéile a dhéanaimid iad. Is é sin ár ngealltanas le haghaidh na bliana atá romhainn agus táimid ag súil le bheith ag obair i gcomhar libh chun é a chur i gcrích.

Ursula von der Leyen **Maroš Šefčovič**

PRÍOMHTHIONSCNAIMH NUA LE hAGHAIDH 2022

Comhaontú Glas don Eoraip

- *Togra reachtach maidir le bainistiú comhtháite uisce – truailleáin an uisce dromchla agus an screamhuisce*
- *Togra reachtach maidir le deimhniú i ndáil le hasbhaint carbóin*
- *Togra reachtach maidir leis an gceart chun deisithe*
- *Togra reachtach maidir le creat AE le haghaidh tomhas comhchuibhithe a dhéanamh ar astaíochtaí ón iompar agus ón lóistíocht*
- *Togra reachtach chun scaoileadh micreaphlaisteach isteach sa chomhshaol a laghdú agus chun srian a chur le húsáid micreaphlaisteach i dtáirgí*

Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach

- *Gníomh Eorpach maidir leis an gCibear-athléimneacht*
- *Gníomh Eorpach maidir le Sliseanna*
- *Plean Oibre maidir leis na teicneolaíochtaí slándála agus cosanta*
- *Togra reachtach maidir le córas cumarsáide domhanda atá slán agus spásbhunaithe a thógáil le haghaidh an Aontais Eorpaigh*
- *Athbhreithniú ar an mbeartas iomaíochta: – oiriúnach do dhúshláin nua*
- *Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le soláthar na scileanna digiteacha a fheabhsú*
- *Togra reachtach maidir le hIonstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair*
- *Togra reachtach maidir le seirbhísí digiteacha le haghaidh soghluaisteacht ilmhódach*

Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine

- *Togra reachtach maidir le cosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair*
- *Togra reachtach chun rochtain na bhfiontar beag agus meánmhéide ar chaipiteal a éascú*
- *Tionscnamh maidir le híocaíochtaí ar an toirt san Aontas Eorpach*
- *Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Aontas Margaí Caipitil, lena n-áirítear an Tionscnamh maidir le comhchuibhiú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den dlí substainteach i ndáil le himeachtaí dócmhainneachta*

- *Togra reachtach maidir le cur chun feidhme chomhaontú domhanda na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) i dtaca le hath-leithdháileadh a dhéanamh ar chearta chun cánachais*
- *Togra reachtach maidir le cur chun feidhme chomhaontú domhanda ECFE i dtaca leis an gcánachas íosta éifeachtach*

Eoraip níos láidre sa Domhan

- *Tionscnamh Tairsí Domhanda maidir leis an nascacht*
- *Leasú ar an Rialachán maidir leis an Reacht Blocála*
- *Straitéis maidir leis an rannpháirteachas fuinnimh idirnáisiúnta*
- *Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan*
- *Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le comhpháirtíocht le tíortha na Murascaille*

Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn

- *Straitéis Eorpach maidir le cúram*
- *Togra reachtach maidir leis an oibleagáid ar iompróirí réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a chur in iúl*
- *Togra reachtach maidir le creat le haghaidh rochtain fhrithpháirteach ar fhaisnéis a bhaineann leis an tslándáil le haghaidh oifigigh thúslíne idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha tábhachtacha chun dul i ngleic le bagairtí slándála coiteanna*
- *Togra chun an Moladh ón gComhairle maidir le scagthástáil ailse a thabhairt cothrom le dáta*

Ugach nua do Dhaonlathas na hEorpa

- *Gníomh maidir le Saoirse na Meán*
- *Tionscnamh reachtach maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú*
- *Togra reachtach maidir le haitheantas don tuismitheoireacht idir na Ballstáit*